Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

An Samhradh sa Naíonra



Urraithe ag

Foras na Gaeilge



Rap an tSamhraidh

Rachaidh mé amach faoin aer,
An ghrian ag taitneamh go hard sa spéir,
Bristí gearra is t-léine,
Ná déan dearmad ar do lóis ghréine!
Chuc a chuuú, pic-a-chú, pic -a chú-chú!

Buail, buail buail do bhosa!
Gread, gread gread do chosa!
Ó féach, nach bhfuilimid go léir cúláilte!
Spéaclaí gréine ar gach dalta!
Ó sea!

Foinse: Is amhrán é seo a chum Katie Uí Chaoimh i Naíonra Céimeanna Beaga, Inis.



25



An Bhó

Go raibh maith agat a bhó,
A bhó, a bhó!
Tugann tú bainne domsa,
Bainne is cáis,
Im is uachtar reoite,
Go raibh míle maith agat a bhó!

Foinse: Is amhrán é seo a chum Katie Uí Chaoimh i Naíonra Céimeanna Beaga, Inis.





An Fharraige

Fonn: Aindí Leisciúil

Is aoibhinn liom an fharraige,
An fharraige mhór, an fharraige mhór!
Leis na mílte iasc ag snámh ann!
Is (páistí) mise ag marcaíocht tonnta ann!
Is aoibhinn liom an fharraige
An fharraige mhór!

Caisleán Gainimh

Is maith liom an gaineamh!
An gaineamh mín réidh,
Déanfaidh mise caisleán
Leis an ngaineamh mín réidh!

Foinse: Is amhráin iad seo a chum Katie Uí Chaoimh i Naíonra Céimeanna Beaga. Buíochas mór léi as iad a roinnt linn.



An Smugairle Róin

A pháistí, bígí cúramach!
Seachain an smugairle róin.
Smugairle róin, smugairle róin,
Seachain an smugairle róin.



Roille, Roille, Ráinne

Roille, roille, ráinne
Timpeall linn i bhfáinne
Ríleo ró! Ríleo ró!
Suas san aer le mo pharaisiút ó

Foinse: An Clár Spraoi Spórt, Altram





Thíos ar an Trá

(Proinsias Ní Dhorchaí)

Fonn: Who's Afraid of the Big Bad Wolf

Fuair mise sliogán,
Thíos ar an trá,
Thíos ar an trá,
Thíos ar an trá,
Fuair mise sliogán,
Thíos ar an trá,
La, la, la, la, la.

Fuair mise clocha …
Fuair mise feamainn …
Fuair mise gaineamh …

Foinse: Teanga Tí
www.teangati.ie
Tá taifead den amhrán á cheol ag an nasc céanna.



Tá Mo Shliabh ag Fanacht

Fonn: You are my sunshine

Tá mé ag fás,
Féach tá mé mór,
Tá mé ag súil, le dul ar scoil.
Thóg mé cairdeas nua,
S'mé ag obair crua,
Tá mé réidh le bogadh ar aghaidh.

Slán leis an naíonra,
An Teanga Bheo,
Beidh an Ghaeilge agam, anois go deo,
Ta mo shliabh ag fanacht orm le bogadh,
Is tá m'eachtra ag leanúint ar aghaidh!



Foinse: Pinterest. Is é Naíonra Thomáis Dáibhís a roinn an t-amhrán le Gaeloideachas.



Lá Éigin Beidh Mé Mór



(Dominic Ó Braonáin)

Lá éigin beidh mé mór,
Lá éigin beidh mé mór,
Lá éigin beidh mé mór go leor,
Agus beidh me i m'fheirmeoir.
Beidh me i m'fheirmeoir,
Beidh me i m'fheirmeoir.
Lá éigin beidh mé mór go leor,
Agus beidh me i m'fheirmeoir.

Lá éigin beidh mé mór,
Lá éigin beidh mé mór,
Lá éigin beidh mé mór go leor,
Agus beidh me i mo gharda.
Beidh me i mo gharda,
Beidh me i mo gharda.
Lá éigin beidh mé mór go leor,
Agus beidh me i mo gharda.

Foinse: Mo Cheol Thú!

Lá éigin beidh mé mór […]
Agus beidh mé i mo mhúinteoir.
Beidh me i mo mhúinteoir,
Beidh me i mo mhúinteoir.
Lá éigin beidh mé mór go leor,
Agus beidh me i mo mhúinteoir.

Lá éigin beidh mé mór […]
Agus beidh mé i m'fhiaclóir.
Beidh me i m'fhiaclóir,
Beidh me i m'fhiaclóir.
Lá éigin beidh mé mór go leor,
Agus beidh me i m'fhiaclóir.

Lá éigin beidh mé mór […]
Agus beidh mé i mo dhochtúir.
Beidh me i mo dhochtúir,
Beidh me i mo dhochtúir.
Lá éigin beidh mé mór go leor,
Agus beidh me i mo dhochtúir.

Gabhann Gaeloideachas buíochas mór ó chroí leis na naíonraí a roinn na hamhráin seo linn.

www.gaeloideachas.ie
@Gaeloideachas
@Gaeloid
@gaeloideachas
http://bit.ly/GaeloidYT
eolas@gaeloideachas.ie